Dominic Bradley MLA

Please find enclosed a draft bill which reflects the SDLP position on an Irish language bill.

Go raibh míle maith agat.

Dominic Bradley MLA
SDLP MLA for Newry and Armagh
Urlabhraí an Pháirtí ar an Ghaeilge
Deputy Chair of the NI Assembly Finance Committee

Newry Office: 15 Trevor Hill Newry BT34 1DN Tel: (028) 3026 7933
Armagh Office: 19 Cathedral Road Armagh BT61 7QX Tel: Armagh (028) 3752 6800

Bille
Chun
An
Ghaeilge
Agus
An
Béarla
A Bhunú
Mar
Theangacha Oifigiúla
Thuaisceart Éireann

Bille
Chun an Ghaeilge agus an Béarla a Bhunú Mar Theangacha Oifigúla Thuaisceart Éireann

1.0 Beidh an Béarla agus an Ghaeilge ina dteangacha oifigiúla i dTuaisceart Éireann agus caithfear leis an Bhéarla agus leis an Ghaeilge ar bhonn comhionnanais i stiúradh gnó phoiblí agus i riaradh an cheartais,

2. Feidhmóidh ceart aon duine chun úsáid a bhaint as teanga amháin nó an dá theanga sonraithe san Acht seo gan spleáchas do chumas an duine sin na teangacha seo a labhairt agus/nó a thuiscint.

3. Sa mhéid go mbeidh aon fhoráil in aon Acht Parlaiminte nó aon Acht eile de chuid Thionól Thuaisceart Éireann, nó aon fhoirm de rialúchán dlíthiúil eile, ar neamhréir le forálacha an Achta seo, beidh tosaíocht ag forálacha an Achta seo.

4. Beidh an stádas céanna agus an bhailíocht chéanna ag ainmneacha pearsanta agus ag logainmneacha i nGaeilge (lena n-áirítear ainmneacha daoine, eagraíochtaí, tithe, sráideanna, ceantar agus bailte fearainn) le hainmneacha pearsanta agus logainmneacha i mBéarla. Ní foras agóide ar bhailíocht ainm Ghaelaigh nach ann dá leathbhreac i mBéarla

5. Cuirfidh Coiste Feidhmiúcháin Thuaisceart Éireann maoiniú imleor ar fáil le cur i ngníomh éifeachtach an Achta seo a áirithiú.

Institiúidí Polaitíochta

6.1 Ós iad an Béarla agus an Ghaeilge teangacha oifigiúla Thuaisceart Éireann beidh ag gach aon duine an ceart chun an dá theanga sin nó ceachtar den dá theanga sin a úsáid i ndíospóireachtaí agus in imeachtaí ar bith eile an Tionóil.

6.2 Cuirfear áiseanna ar fáil don ateangaireacht chomhuaineach ó Ghaeilge go Béarla de dhíospóireachtaí agus d'imeachtaí eile an Tionóil.

6.3 Beifear agus cuirfear i gcló agus foilseofar go comhuaineach sa dá theanga a dtuairisceofar i dtuarascálacha oifigiúla díospóireachtaí nó imeachtaí eile an Tionóil.

6.4 Achtófar, cuirfear i gcló agus foilseofar go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla gach Acht de chuid an Tionóil.

6.5 Bainfaidh forálacha alt 9.2 agus 9.3 maidir le Seirbhísí Poiblí le Tionól Thuaisceart Éireann.

Údaráis Áitiúla

7.1 Ós iad an Béarla agus an Ghaeilge teangacha oifigiúla Thuaisceart Éireann beidh ag cách an ceart chun an dá theanga seo nó ceachtar acu seo a úsáid i gcruinnithe, i ndíospóireachtaí agus in imeachtaí ar bith eile de chuid údarás áitiúil, nó in aon choiste nó aon chomhlacht de chuid údarás áitiúil, agus beidh dualgas ar údaráis dá leithéid cur i bhfeidhm an chirt seo a éascú.

7.2 Tuairisceofar a mbreacfar síos i dtuarascálacha oifigiúla díospóireachtaí nó imeachtaí eile de chuid údarás áitiúil agus dá gcuid coistí nó comhlachtaí eile sa teanga oifigiúil ina dúradh é agus cuirfear aistriúchán den chéanna leis sa teanga oifigiúil eile.

7.3 Cuirfear i gcló agus foilseofar go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla aon achtachán de chuid údaráis áitiúil.

7.4 Déanfaidh gach uile Údarás Áitiúil nó a chuid gníomhaireachtaí;

- fostaithe a spreagadh d'fhonn feidhmiú ina rogha teanga oifigiúil
- cláir oiliúna sa dá theanga oifigiúla a fhorbairt agus a eagrú
- gníomh a chur i bhfeidhm d'fhonn an líon cuí d'fhostaithe dátheangacha a sholáthar in aonaid oibre i gcónaí, trí fhostaithe a chomhlíonfaidh riachtanas teanga an aonaid a mbeidh an folúntas ann a cheapadh
- a chinntiú go bhforbróidh fostaithe a bhfuil lánchumas sa teanga chuí acu cláir dhírithe ar ghrúpa aon teanga oifigiúil amháin.
- a chinntiú go bhfoilseofar go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla gach uile cháipéis a bheidh ceaptha don phobal (inmheánach agus sheachtrach).

7.5 Bainfidh forálacha alt 28 agus 29 maidir le Seirbhísí Poiblí le gach Údarás Áitiúil i dTuaisceart Éireann.

RIARADH AN CHEARTAIS

8.1 Ós iad an Béarla agus an Ghaeilge teangacha oifigiúla Thuaisceart Éireann, féadfaidh aon pháirtí, fhinné nó duine eile an dá nó ceachtar nó den dá theanga oifigiúla úsáid in aon phléadáil in aon chúirt, nó in aon cháipéis a eiseofar ó, aon chúirt nó chomhlacht cinnteoireachta eile i dTuaisceart Éireann.

8.2 Beidh dualgas ar gach binse cúirte nó comhlacht cinnteoireachta dá samhail i dTuaisceart Éireann in aon imeacht ós a comhair a áirithiú go bhféadfaidh aon duine a bheidh ag tabhairt fianaise os a comhair éisteacht a fháil sa teanga oifigiúil is rogha leis nó léi agus nach mbeidh an duine sin, trí éisteacht a fháil amhlaidh, faoi mhíbhuntáiste toisc nach bhfaighidh sé nó sí éisteacht sa teanga oifigiúil eile. Ina theannta sin, beidh sé de dhualgas ar gach uile chúirt, bhinse nó chomhlacht cinnteoireachta dá samhail a chur in iúl d'aon duine, agus don phobal i gcoitinne a thiocfaidh os a gcomhair nó a thabharfaidh fianaise ós a gcomhair, gur ann don cheart an dá nó ceachtar den dá theanga oifigiúla a úsáid.

8.3 I gcás inar páirtí in imeachtaí os comhair cúirte, binse nó chomhlacht cinnteoireachta dá samhail i dTuaisceart Éireann an Choróin, Tionól Thuaisceart Éireann, Údarás Áitiúil nó aon chomhlacht poiblí eile ag feidhmiú i dTuaisceart Éireann, lena n-áirítear an dá chomhlacht a fheidhmíonn i dTuairisceart Éireann amháin agus comhlachtaí a fheidhmíonn ar fud na Ríochta Aontaithe, ina roghnóidh an páirtí eile teanga oifigiúil amháin a úsáid de réir an ailt seo;

(a) bainfidh an Choróin, Tionól Thuaisceart Éireann, an tÚdarás Áitiúil nó comhlacht poiblí úsáid as an teanga seo i gcaitheamh na n-imeachtaí, agus
(b) más páirtithe do na himeachtaí iad breis agus beirt daoine (seachas an Choróin, Tionól Thuaisceart Éireann, Údarás Áitiúil nó comhlacht poiblí) agus má theipfidh orthu aon theanga oifigiúil a bheidh le húsáid sna himeachtaí a roghnú nó a chomhaontú, úsáidfaidh an Choróin, Tionól Thuaisceart Éireann, an tÚdarás Áitiúil nó, de réir mar a bheidh, an comhlacht poiblí an teanga is dealraitheach dó a bheith réasúnach sna himeachtaí, ag féachaint do na himthosca.

8.3 Bainfidh gach foráil na caibidle den chaipéis seo ar Sheirbísí Poiblí le gach uile chúirt, bhinse agus chomhlacht cinnteoireachta eile dá samhail i dTuaisceart Éireann.

SEIRBHÍSÍ POIBLÍ

9.1 Is iad an Béarla agus an Ghaeilge na teangacha oibre i ngach institiúid Phoiblí, agus beidh sé de cheart ag Oifigigh agus ag fostaithe na n-institiúidí seo uile go léir an dá theanga oifigiúla nó ceachtar acu seo a úsáid.

9.2 Cuirfidh an Choróin agus gach comhlacht poiblí a fheidhmíonn i dTuaisceart Éireann, an dá chomhlacht a fheidhmíonn i dTuaisceart Éireann amháin san áireamh, agus comhlachtaí a fheidhmíonn ar fud na Ríochta Aontaithe gníomh cobhsaí i bhfeidhm le méadú ar úsáid na Gaeilge ina gcuid oibríochtaí, lena n-áirítear;

(a) A bheith ar a ndícheall an Ghaeilge a úsáid, agus úsáid na Gaeilge a spreagadh agus a chothú ina gcuid oibríochtaí inmheánacha, go dtí an méid is mó is oiriúnaí, trína chinntiú;

- go gcabhróidh timpeallachtaí oibre na n-instidiúidí le húsáid éifeachtúil an dá theanga oifigiúla agus go bhfreastalóidh siad do na hoifigigh agus do na fostaithe le ceachtar de na teangacha oifigiúla a úsáid;
- gur féidir le gnáthchorais fhorleathana do phróiseáil agus do chumarsáid uathoibrithe sonraí a úsáid i gceachtar den dá theanga oifigiúla;
- gur féidir le maoirseoirí, agus iad i mbun a bhfreagrachtaí maoirseachta, cumarsáid a dhéanamh le hoifigigh agus le fostaithe na hinstitiúide sa dá theanga oifigiúla más iomchuí nó más gá sin le timpeallacht oibre inar féidir an dá theanga oifigiúla a úsáid go héifeachtúil a chruthú,
- go mbeidh sé de chumas ar aon ghrúpa bainistíochta a mbeidh freagrach as ardstiúradh na hinstitiúide ina hiomláine, feidmhiú sa dá theanga oifigiúla
- go mbeidh seirbhísí á soláthar d'Oifigigh agus d'fhostaithe, ag cur san áireamh seirbhísí á soláthar dóibh mar dhaoine aonair agus seirbhísí á soláthar dóibh go lárnach ag an institiúid chun tacú leo i gcomhlíonadh a ndualgas, ar fáil sa dá theanga oifigiúla, agus
- go gcuifear gnáthionstraimí agus ionstraimí a úsáidfear go minic a tháirgfidh an institiúid nó a tháirgfear thar ceann na hinstitiúide sin nó aon institiúid phoiblí eile ar fáil sa dá theanga oifigiúla;

(b) ag soláthar seirbhísí don phobal sa dá theanga oifigiúla ar a mhéid is indéanta.

9.3 Maidir leis na comhlachtaí poiblí sin curtha sa Sceideal a ghabhann leis an Acht seo, beidh dualgas orthu an modh a léann siad an frása "ar a mhéid is indéanta" in alt 9.2 a shainiú, cuirfear san áireamh, ach ní mar theorainn ar an dualgas arna fhorchur ag alt 9.2, na bearta seo a leanas a dhéanamh:

(a) ag glacadh le comhfhreagras scríofa nó le

ríomh-chomhfhreagras agus aighneachtaí eile
i nGaeilge, agus aon fhreagra a thabhairt
i nGaeilge laistigh den tréimhse chéanna
a gceadófaí d'fhreagra i mBéarla;

(b) ag glacadh le teachtaireachtaí i nGaeilge,
trí shainfhoireann le Gaeilge in oifigí nó
i rannóga ar leith a fhostú nó trí lárionad glaonna
ina mbeidh foireann le Gaeilge ar fáil a úsáid, agus
ag tabhairt freagra i nGaeilge mar sin laistigh
de thréimhse réasúnta ama;

(c) ag cinntiú go ndéanfar gach cumarsáid a
thionsnóidh an comhlacht poiblí le daoine
aonair, le grúpaí agus le heagraíochtaí sa dá
theanga oifigiúla;

(d) ag údarú agus ag spreagadh na foirne chun
Gaeilge a fhoghlaim go leibhéal dóthanach
lena gcuid dualgas a chomhall trí mheán na
Gaeilge, ag soláthar oiliúna leanúnaí sa Ghaeilge mar
chuid den fhorbairt ghairimiúil, agus ag soláthar
go leor acmhainní airgeadais leis sin a bhaint amach;

(e) ag déanamh beart cuí d'fhonn foireann le Gaeilge
a fhostú lena n-áirítear, ach ní go heisiatach, ag fógairt
gach uile phost go dátheangach (ag fógairt i réimse
cuimsitheach meán cumarsáide Gaeilge iad)
agus ag áirithiú go bhfuil an Ghaeilge ainmnithe mar
bhuntáiste sna poist sin a n-úsáide an fostaí an
Ghaeilge go héifeachtach iontu agus é nó í i mbun
gnó leis an phobal;

(f) ag áirithiú go measfar gur comhionann agus gur
leor í cáilíocht sa Ghaeilge nuair a bheidh cáilíocht
acadúil sa Bhéarla riachtanach do phost;

(g) ag cur gach uile fhoirm a úsáidfidh an pobal ar fáil i
bhformáid an dá theanga oifigiúla (nó, i ndálaí cuí,
i bhformáidí ar leith Gaeilge agus Béarla), agus
ag cinntiú go ndéanfar leaganacha de fhoirmeacha a bheidh
comhlánaithe i nGaeilge a phóiseáil sa tréimhse
chéanna a gceadófaí do phroiseáil a leathbhreac do
leaganacha comhlánaithe i mBéarla;

(h) ag áirithiú go gcuirfear céannacht chorparáideach
an chomhlachta phoiblí i láthair go dátheangach,
sa doigh is go mbeidh aon fhaisnéis a thugtar ar
stáiseanóireacht, ar chártaí gnó, ar fheithiclí, ainm an
chomhlachta phoiblí féin san áireamh ach ní
go heisiatach, sa dá theanga oifigiúla, ag baint úsáide as
litreoireacht den mhéid chéanna sa dá theanga.

(i) ag áirithiú go dtabharfaidh comharthaí taobh seachtrach foirgneamh a úsáidfidh an comhlacht poiblí ainm an chomhlachta phoiblí agus aon eolas eile a bheidh le léamh ar an chomhartha sa dá theanga oifigiúla, ag baint úsáide as litreoireacht den mhéid chéanna sa dá theanga.

(j) ag áirithiú go mbeidh aon chomhartha taobh istigh d'fhoirgnimh in idir Ghealge agus Bhéarla, ag baint úsáide as litreoireacht den mhéid chéanna sa dá theanga;

(k) ag áirithiú go bhfuil suíomh gréasáin an chomhlachta phoiblí go hiomlán dátheangach.

(l) ag áirithiú go bhfuil na cáipéisí seo a leanas foilsithe go comhuaineach, idir i bhfoirm chlóite agus leictreonach, sa dá theanga oifigiúla:

- aon cháipéis ag leagan amach tograí beartais phoiblí, lena n-áirítear ach ní theoranta do chomhairliúcháin maidir le reachtaíocht nó rialúcháin;
- aon thuarascáil bhliantúil;
- aon phreaseisiúint nó ráiteas foirimiúil eile leis na meáin chlóite nó chraolta.

(m) ag áirithiú a mheid is indéanta go gcuirfear gach cáipéis phoiblí, a ullmhóidh an comhlacht poiblí, ar fáil sa dá theanga oifigiúla.

(n) ag áirithiú go n-athrófar chun dáta agus go n-athchlófar aon cháipéis phoiblí nó aon ábhar eile a ullmhóidh an comhlacht poiblí sa Ghaeilge agus go gcuirfear na hábhair seo ar fáil don phobal sa dóigh nach mbeidh na Gaeilgeoirí siúd fágtha faoi mhíbhuntáiste.

(o) ag áirithiú go ndéanfar gach beart cuí, lena n-áirítear ag soláthar seirbhísí aistriúcháin chomhuainigh, le cinntiú nach bhfágfar faoi mhíbhuntáiste cainteoirí Gaeilge má roghnóidh siad Gaeilge a úsáid i gcruinniú poiblí dá leithéid.

10. Déanfaidh gach comhlacht poiblí liostaithe sa Sceideal a ghabhann leis an Acht seo bearta cuí le cinntiú go ndeanfaidh an comhlacht poiblí féin monatóireacht ar chur i ngníomh na ndualgas leagtha amach in alt 9.3 thuas ar bhonn bliantúil agus go mbeidh sé iniúchta ag an 'Choimisinéir Teangacha Oifigiúla ' ar bhonn bliantúil.

11. Déanfaidh gach comhlacht poiblí a áirithiú go gcomhlíonfaidh a gcuid gníomhairí agus conraithóirí le hailt 9.2 agus 9.3 thuas. Déanfaidh gach comhlacht poiblí ainmnithe sa Sceideal a chinntiú fosta go mbeidh a gcuid gníomhairí agus conraithóirí ag comhlíonadh le hailt 9.3 thuas leis.

12. Ní mór do gach comhlacht poiblí, gan baint leis na comhlachtaí poiblí ainmnithe sa Sceideal, a gheobhaidh fógra ó 'Bhord Teangacha Oifigiúla Thuaisceart Éireann', 'Plean

Teangacha Oifigiúla' a ullmhú agus a chur faoi bhráid an 'Bhord Theangacha Oifigiúla Thuaisceart Éireann' laistigh de thréimhse nach faide ná sé mhí ó dháta eisithe an fhógra, ag leagan amach an modh a réiteoidh sé na dualgais arna bhforchur faoi alt 9.2. Féadfaidh 'Bord Teangacha Oifigiúla Thuaisceart Éireann' glacadh leis an phlean mar a chuirfear faoina bhráid é, nó éileamh ar an chomhlacht na hathruithe breise sin arb oiriúnach leis an Bhord a chur ar an phlean, agus sa chás ar éileofar ar an chomhlacht poiblí a leithéid d'athruithe a chur i gcrích, ní mór don chomhlacht iad a chur i gcrích agus an plean a athchur faoi bhráid an Bhoird laistigh de thréimhse thrí mhí. Más é tuairim an Bhoird nár leasaíodh an plean athchurtha ar shlí a bhfuil i gcomhréir le riachtanas an Bhoird, féadfaidh sé an plean a fhaomhadh leis na leasuithe sin arb oiriúnach leis.

13. Ní mór do gach 'Plean Teangacha Oifigiúla' a chruthófar de bhun ailt 12 tagairt a dhéanamh do na sonraí seo a leanas:

(a) sonraí den tslí a dtabharfaidh an comhlacht poiblí freagra do dhaoine a rachaidh i dteagmháil leis trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear sonraí de na socruithe a bheidh le déanamh chun freagraí a thabhairt trí mheán na Gaeilge ar cheisteanna ó na meáin chumarsáide;

(b) sonraí de na cáipéisí agus de na hábhair eile a úsáidfidh an comhlacht poiblí go hinmheánach nó go seachtrach agus a chuirfidh ar fáil sa Ghaeilge, agus treoir don mhéid a chruthófar na cáipéisí seo sa Ghaeilge nó a aistreofar iad ó bhunthéacsanna Béarla;

(c) sonraí de na seirbhísí aistriúcháin a chuirfidh an comhlacht poiblí ar fáil, arna n-iarraidh, d'ábhair nach mbeartaíonn sé a sholáthar i nGaeilge de ghnáth;

(d) sonraí de sheirbhísí a sholáthrófar go heisiatach do lucht labhartha na Gaeilge (lucht foghlama na Gaeilge san áireamh);

(e) sonraí de bhall foirne sinsearaí amháin nó beirt a bheidh ceaptha ina bhfoireann teagmhála do cheisteanna inmheánacha nó seachtracha sa Ghaeilge nó faoin Ghaeilge;

(f) sonraí;

- de thraenáil sa Ghaeilge a sholáthróidh an comhlacht poiblí dá fhoireann (lena n-áirítear treoir maidir leis an fhoireann a dhéanfaidh an traenáil), agus
- de dheiseanna a thabharfaidh an comhlacht poiblí dá fhoireann d'fhonn an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid.

(g) sonraí de na poist a mbeidh cumas an fhostaithe cumarsáid a dhéanamh sa Ghaeilge ina bhunriachtanas ag an chomhlacht poiblí;

(h) sonraí den tlsí a mbeartóidh an comhlacht poiblí aon fheidhm nó dualgas a thagann chun tosaigh de dhroim aon achtacháin eile gan baint le haon achtachán atá san Acht seo i dtaobh úsáide na Gaeilge a chomhall; agus

(i) sonraí –

- den amscála lena mbeartóidh an comhlacht poiblí gach beart sonraithe faoin phlean a chur i bhfeidhm;
- de na socruithe réamh-mheasta agus clár ama le dul i gceann athbhreithnithe ar an phlean; agus
- den leibhéal réamhaisnéise d'úsáid na Gaeilge i ndáil le cur i gcrích feidhmeanna an chomhlachta phoiblí, lena n-áirítear treoir den mhodh a mbeartóidh an comhlacht an úsáid sin a thomhas agus thaifeadadh.

14. Ní mór do gach 'Plean Teangacha Oifigiúla' a ullmhófar de bhun ailt 12 feidhmiú go ceann tréimhse trí bliana. I ndeireadh na tréimhse sin beidh an comhlacht poiblí i gceist freagrach as tuarascáil a chur isteach chuig 'Bord Teangacha Oifigiúla Thuaisceart Éireann' maidir le cur i bhfeidhm agus cur i gcrích an phlean sin, agus ag tairiscint plean nua don tréimhse thrí bliana ina diaidh sin.

15. Ullmhóidh gach institiúid oiliúna, ollscoileanna, coláistí breisoideachais agus dá réir sin san áireamh, agus gach uile chomhlacht creidiúnaithe, comhlachtaí creidiúnaithe gairimúla san áireamh 'Plean Teangacha Oifigiúla' ar fhógra ó 'Bhord Teangacha Oifigiúla Thuaisceart Éireann' a thabharfaidh éifeacht do na prionsabail leagtha amach in alt 28 agus a leagfaidh amach a dtiomantais d'oiliúint sholáthraithe seirbhíse Gaeilge oilte nó creidiúnaithe san institiúid nó sa chomhlacht, de bhreis ar aghaidh a thabhairt ar gach freagracht sonraithe in alt 13. Daingneoidh 'Bord Teangacha Oifigiúla Thuaisceart Éireann' aon phlean dá shamhail ar an mhodh céanna leis an 'Phlean Teangacha Oifigiúla' faoi alt 13.

16. Cuirtear comhlacht corparáideach ar bun ar a dtabharfar 'Bord Teangacha Oifigiúla Thuaisceart Éireann' agus na feidhmeanna seo aige -

(a) cur chun cinn úsáid agus tuiscint na Gaeilge a chothú agus a éascú;

(b) comhairle a chur ar chomhlachtaí poiblí maidir le comhall a ndualgas faoi alt 9.2 agus i gcás ar infheidhmithe iad, faoi alt 9.3 an Achta seo

(c) na dualgais agus na cumhachtaí a thabharfar dó faoi alt 9.3 an Achta seo a chomhall;

(d) dul i gcomhairle le agus cruinnithe a thionól ar bhonn rialta le 'Coimisinéir Teangacha Oifigiúla Thuaisceart Éireann'.

(e) comhairle a chur ar aon duine eile maidir le haon ábhar bainte leis na teangacha oifigiúla i dTuaisceart Éireann; agus

(f) comhairle a chur ar an Tionól agus moltaí a chur chuige maidir le cosaint na dteangacha oifigiúla i bpáirteanna eile na Ríochta Aontaithe nach Tuaisceart Éireann iad.

17. Ní mheasfar ina fheidhmeannach nó ina ghníomhaire de chuid na Corónach 'Bord Teangacha Oifigiúla Thuaisceart Éireann' (an 'Bord' san Alt seo), ní bheidh aige aon stádas nó díolúaine nó aon phribhléid na Corónach, ní mheasfar maoin an Bhoird ina maoin de chuid na Corónach nó ar teachtadh thar ceann na Corónach. Cúigear gnáthchomhaltaí ar a laghad agus aon ghnáthchomhaltaí déag ar a mhéad a bheidh ar an Bhord, agus Cathaoirleach. Ceapfaidh Rúnaí Stáit Thuaisceart Éireann iad uile don tréimhse sin is oiriúnach leis an Rúnaí Stáit. Déanfaidh an Bord cruinnithe a stiúradh trí mheán ceachtar de cheann amháin nó de cheann eile de na teangacha oifigiúla nó trí mheán an dá theanga oifigiúla, ag baint feidhme as aistriúchán comhuaineach más gá.

18. Bainfidh na dualgais leagtha amach sa chaibidil seo go ginearálta le comharbaí agus sannaithe aon chomhlachta phoiblí a chlúdófar san Acht seo. Ní mór d'aon Acht Parlaiminte nó Acht de chuid Thionól Thuaisceart Éireann amach anseo a chruthóidh teorainneacha nua do na réimsí ar a bhfreastlaíonn comhlachtaí poiblí aonair, nó comhlachtaí nua a chomhaillfidh na feidhmeanna céanna go hiomlann nó go páirteach le comhlachtaí arb ann dóibh agus an Acht seo a achtú, a áirithiú go leanfaidh na comhlachtaí nua seo a bheith faoi cheangal na ndualgas leagtha amach sa chaibidil seo. Ina theannta sin cuirfear san áireamh le haon Acht dá leithéid amach anseo leasú iarmhartach, chun an Sceideal a ghabhann leis an Acht seo a leasú ionas go liostófar gach aon chomhlacht poiblí sa Sceideal lena n-áirítear réimse a chlúdaigh comhlacht poiblí liostaithe chéanna féin sa Sceideal a ghabhann leis an Acht seo.

FOSTAÍOCHT

19. Beidh sé de chead ag gach fostaí (mar a shainítear in An tOrdú um Fhostaíocht agus Dhéileáil Chóir (Tuaisceart Éireann) 1998) ceachtar de na teangacha oifigiúla nó an dá cheann acu a úsáid ar a láthair oibre nó i gcúrsa a fhostaíochta nó a fostaíochta, lena n-áirítear ach ní hamháin, in idirghníomhú béil nó scríofa le fostaithe eile a bhfuil an teanga oifigiúil acu nó le custaiméirí, le cliaint nó le daoine den phobal a bhfuil an teanga acu.

20. Ní chuirfidh an ceart leagtha amach in alt 19 thuas bac ar fhostóir (mar a shainítear in An tOrdú um Fhostaíocht agus Dhéileáil Chóir (Tuaisceart Éireann) 1998) ó aon theanga oifigiúil amháin, nó teanga eile nach Gaeilge nó Béarla í, a bhunú ina ghnáth-theanga déanta gnó. Ní chuirfear srian neamhréasúnach in aon chás, áfach, ar cheart an fhostaithe an dá nó ceachtar den dá theanga oifigiúla a úsáid de réir mar atá leagtha amach in alt 39 thuas.

21. Ní mheasfar ina shárú ar dhlí nó ar chearta aon duine eile an dá nó ceachtar den dá theanga oifigiúla á n-úsáid ag fostaí.

OIDEACHAS

22. Tá ceart ag gach tuismitheoir i dTuaisceart Éireann léann réamhscoile, bunscoile agus iar-bhunscoile ina rogha teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla a fháil dá gcuid páistí agus teagasc den dá nó de cheachtar den dá theanga oifigiúla féin a fháil dá gcuid páistí ar gach céim den bhunoideachas agus den oideachas iar-bhunscoile.

23. Beidh feidhm ag ceart tuismitheoirí i dTuaisceart Éireann léann réamhscoile, bunscoile agus iar-bhunscoile a fháil trí Ghaeilge dá gcuid páistí faoi alt 22 thuas sa chás:

(a) a mbeidh líon dóthanach páistí de chuid tuismitheoirí a bhfuil an ceart seo acu, dar leis an Roinn Oideachais, gur gá oideachas trí Ghaeilge a sholáthar dóibh le cistí poiblí; agus

(b) ag cur san áireamh an ceart chun an oideachas sin a fháil

i ngaelscoileanna sa chás a mbeidh líon dóthanach páistí
ann go mbeidh gá, dar leis an Roinn Oideachais,
lena leithéid de ghaelscoileanna a sholáthar le cistí poiblí.

24. Déanfaidh an Roinn Oideachais aon chinneadh maidir le leordhóthain líon na bpáistí a n-iarrfar oideachas trí Ghaeilge dóibh de bhun ailt 23 (a) agus (b) thuas, bunaithe ar an bheartas ullmhaithe agus foilsithe de bhun ailt 26 thíos.

25. Beidh sé de dhualgas ar an Roinn Oideachais, agus ar aon ghníomhaireacht nó aon chonraitheoir dá cuid a bheidh ag comhall feidhmeanna ábhartha thar a cinn, gníomhú cobhsaí a chur i bhfeidhm leis na forbairtí seo a leanas a spreagadh agus a éascú agus chun an mhaoiniú a fhoráil -

(a) d'fhonn oideachas réamhscoile, bunscoile agus meánscoile trí Ghaeilge a fhorbairt ar an mhodh go n-uasmhéadófar rochtain ar oideachas trí Ghaeilge ar gach leibhéal,

(b) do theagasc na Gaeilge i mbunscoileanna agus i meánscoileanna Béarla lena n-áirítear bearta cuí do theagasc na Gaeilge mar ábhar do dhaltaí a fuair a mbunoideachas, nó cuid dó, trí mheán na Gaeilge,

(c) d'fhonn leabhair oideachais, bogearraí, agus ábhair teagaisc chlosamhairc agus bunaithe ar an ghreasán a fhorbairt agus a sholáthar sa Ghaeilge,

(d) d'fhonn cúram sláinte agus seirbhís eolais sláinte cuí a fhorbairt agus a sholáthar trí mheán na Gaeilge do ghaelscoileanna agus do dhaltaí a bheidh ag fáil léinn trí Ghaeilge,

(e) d'fhonn scrúduithe agus uirlísí measúnaithe agus tacaíocht a bheidh oiriúnach do riachtanais daltaí san oideachas trí Ghaeilge a fhorbairt agus a sholáthar,

(f) d'fhonn curaclam a bheidh oiriúnach do shainriachtanais daltaí san oideachas trí Ghaeilge agus a léireoidh dea-chleachtas idirnáisiúnta sa tumoideachas a fhorbairt agus a sholáthar,

(g) d'fhonn curaclam a bheith oiriúnach do riachtanais daltaí a bheidh ag foghlaim Gaeilge i scoileanna Béarla a fhorbairt agus a sholáthar,

(h) d'fhonn seirbhísí don ógra agus seach-churaclaim a sholáthar don earnáil ghaelscolaíochta i gcomhairle agus i gcomhar de réir mar is cuí le cebí comhlacht eile, agus

(i) d'fhonn taighde agus oiliúint maidir le soláthar gaeloideachais a bheidh dóthanach le riar ar riachtanais daltaí a bheidh ag fáil léinn trí Ghaeilge, lena n-áirítear oiliúint múinteoirí agus pearsanra eile, a chur ar fáil.

26. Ullmhóidh agus foilseoidh an Roinn Oideachas beartas maidir le comhlíonadh an dualgais seo agus an dualgais a chuirfidh ailt 29 agus 30 thíos uirthi. Agus an beartas seo á ullmhú, ní mór don Roinn Oideachas -

(a) dreacht an bheartais a fhoilsiú;

(b) dul i gcomhairle le haon duine nó le haon eagraíocht a bhfuil, dar leis an Roinn, spéis acu sa bheartas sin;

(c) an deis uiríll a dhéanamh faoin dreachtbheartas a phoibliú laistigh de thréimhse nach gairide ná trí mhí de réir mar a shonraí an Roinn; agus

(d) an oiread tromachair is infheidhmithe a thabhairt d'aon uiríoll a thiocfaidh faoina bráid sa tréimhse sin

27. Déanfar aon chinneadh de chuid an Roinn Oideachais maidir le breathnú tograí faoi airteagal 14 de An tOrdú Oideachais agus Leabharlann (Tuaisceart Éireann) 1986 chun gaelscoileanna nua a bhunú, de réir an bheartais a cheanglóidh alt 26 uirthi a ullmhú.

28. Maidir lena leithéid de thograí, sonróidh an beartas nach foláir faoi alt 26 i measc rudaí eile –

(a) an modh a ndéanfaidh an Roinn Oideachais tuairimí tuismitheoirí na bpáistí a bhfuil an ghaelscoil bheartaithe á toraíocht ar a son, tuairimí cónaitheoirí laistigh de limistéar dár ga aon mhíle ón láithreán beartaithe agus tuairimí páirtithe leasmhara eile a shireadh agus a mhachnamh;
(b) an modh a gcuirfidh an Roinn Oideachais an méid oideachais trí Ghaeilge atá ar fáil cheana féin sa cheantair a mbeidh gaelscoil nua beartaithe dó san áireamh;
(c) an modh a gcuirfidh an Roinn Oideachais san áireamh na slite ina bhféadfadh oscailt gaelscoile cuidiú le forbairt agus neartú na Gaeilge sa scoilcheantar;
(d) an modh a gcuirfidh an Roinn Oideachais an méid ina bhféadfadh soláthar oideachais trí Ghaeilge i gceantar áirithe cuidiú le forbairt straitéiseach an oideachais trí Ghaeilge ina iomláine ar leibhéal réamhscoile, bunscoile, agus iar-bhunscoile san áireamh, agus
(e) an modh a spreagfaidh an Roinn Oideachais tuismitheoirí agus páistí le hoideachas trí Ghaeilge a roghnú agus an modh a míneoidh sí agus a gcothóidh sí buntáistí oideachais trí Ghaeilge.

29. Beidh sé de dhualgas ar an Roinn Oideachais soláthar cuí a dhéanamh do pháistí labhartha na Gaeilge a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus léann a thabhairt do cibé páistí eile a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus a bheidh ag fáil oideachas trí Ghaeilge, ag tabhairt airde mar is cuí ar riachtanais speisialta teangeolaíochta na bpáistí sin.

30. Beidh sé de dhualgas ar an Roinn Oideachais, agus ar gach Bord Oideachais agus Leabharlainne nó ar a gcomharbaí i dTuaisceart Éireann, seirbhís chomhairleach chuí don churaclam a sholáthar do ghaelscoileanna agus do dhaltaí ag fáil a gcuid léinn trí Ghaeilge lena n-áirítear daltaí i naíonraí agus soláthar iar-16.

31. Beidh sé de dhualgas ar gach uile Bhord Oideachais agus Leabharlainne nó ar a gcomharbaí i dTuaisceart Éireann a áirithiú go cuirfear cóir iompair oiriúnaigh (cibé acu bus scoile, tascaí, pás iompair phoiblí, nó deontas airgid is leor an costas iomlán a chumhdach) ar fáil chun turas gach páiste chuig agus ar ais ón ghaelscoil ina mbeidh siad cláraithe a éascú, gan chaiteachas ar an pháiste, ar thuismitheoir nó thuismitheoirí an pháiste, nó ar an scoil.

32. Beidh sé de dhualgas ar an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábhailteachta Poiblí agus ar gach Bord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta i dTuaisceart Éireann gníomhú cobhsaí a chur i bhfeidhm chun a spreagadh agus a éascú agus chun an mhaoiniú cuí a chur ar fáil d'fhonn oideachas réamhscoile trí Ghaeilge a fhorbairt, ag tabhairt airde cuí do na riachtanais teangeolaíochta ar leith de pháistí a bheidh ag foghlaim na Gaeilge mar an dara teanga.

33. Beidh sé de dhualgas ar an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábhailteachta Poiblí agus ar gach Bord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta i dTuaisceart Éireann cúram sláinte trí mheán na Gaeilge a sholáthar do gach gaelscoil agus do gach uile dhalta a gheobhaidh a chuid léinn trí Ghaeilge, agus ábhair agus eolas maidir le forbairt phearsanta agus shláinte a sholáthar do na scoileanna seo trí mheán na Gaeilge.

34. Beidh sé de dhualgas ar an Roinn Fostaíochta agus Foghlama gníomhú cobhsaí a chur i bhfeidhm chun a spreagadh agus a éascú agus chun an mhaoiniú cuí a sholáthar d'fhonn breisoideachas, ardoideachas agus gairmoiliúint trí Ghaeilge a fhorbairt, agus d'fhonn Gaeilge a theagasc mar ábhar in institiúidí breisoideachais agus ardoideachais.

35. Beidh sé de dhualgas ar Ollscoil na Banríona Bhéal Feirste agus a coláistí comhlacha, agus ar Ollscoil Uladh gníomhú cobhsaí a chur i bhfeidhm chun a spreagadh agus a éascú agus chun an mhaoiniú cuí a sholáthar d'fhonn ardoideachas trí Ghaeilge a fhorbairt agus do theagasc na Gaeilge mar ábhar ar institiúidí ardoideachais.

36. Bainfidh na dualgais leagtha amach sa chaibidil seo go ginearálta le comharbaí agus sannaithe aon chomhlachta phoiblí a chlúdófar san Acht seo. Ní mór d'aon Acht Parlaiminte nó Acht de chuid Thionól Thuaisceart Éireann amach anseo a chruthóidh teorainneacha nua do na réimsí ar a bhfreastlóidh comhlachtaí poiblí aonair, nó comhlachtaí nua a chomhaillfidh na feidhmeanna céanna go hiomlann nó go páirteach le comhlachtaí arb ann dóibh agus an Acht seo a achtú, a áirithiú nach constaic iad i mbealach chur chun cinn na Gaeilge nó ceart agus deiseanna lucht labhartha na Gaeilge faoin Acht seo, agus ní mór dó a áirithiú go leanfaidh na comhlachtaí nua seo a bheith faoi cheangal na ndualgas leagtha amach sa chaibidil seo.

37. Leanfaidh Coiste Feidhmiúcháin Thuaisceart Éireann de thacaíocht dhóthanach airgeadais agus go leor tacaíochta eile a sholáthar d'fhonn foilsiú leanúnach de ar a laghad páipéar nuachta laethúil amháin i dTuaisceart Éireann a áirithiú.

CUR I bhFEIDHM CEART AGUS DUALGAS FAOIN ACHT
Oifig Choimisinéir na Gaeilge do Thuaisceart Éireann

38. Bunófar 'Coimisinéir na dTeangacha Oifigiúla do Thuaisceart Éireann' a dhéanfaidh Rúnaí Stáit Thuaisceart Éireann é nó í a cheapadh. Ní mór don cheapaí a bheith líofa sa Ghaeilge.

39. Beidh Coimisinéir na dTeangacha Oifigiúla i seilbh oifige go ceann cúig bliana deaiompair faoi réir na fochaibidle seo, ach is féidir le Rúnaí Stáit Thuaisceart Éireann é nó í a chur as oifig in am ar bith ar leorchúis chuige. Nuair a bheidh an chéad tréimhse nó aon

thréimhse dá héis caite féadfar 'Coimisinéir na dTeangacha Oifigiúla' a athcheapadh go ceann tréimhse bréise nach faide ná cúig bliana.

40. I gcás neamhláithreacht nó éagumas an Choimisinéara, nó más folamh oifig an Choimisinéara is féidir le Rúnaí Stáit Thuaisceart Éireann duine cáilithe eile a cheapadh d'fhonn dul i seilbh oifige le linn neamhláithreacht nó éagumas an Choimisinéara nó le linn d'oifig an Choimisinéara a bheith folamh, go ceann tréimhse nach faide í ná an fuíoll a bheidh fágtha de thréimhse an tsealbhóra oifige a chuaigh roimhe.

41. Beidh céim, na cumhachtaí uile agus tuarastal céanna ag an Choimisinéir agus beidh sé nó sí i dteideal gach costas réasúnach taistil agus maireachtála agus é nó í as láthair óna ghnátháit nó óna gnátháit chónaithe i gcúrsa a dhualgas nó a dualgas ionann is go mbeadh ceann urra Roinne i gCoiste Feidhmiúcháin Thuaisceart Éireann ann. Rachaidh an Coimisinéir i mbun dhualgais Oifig an Choimisinéara amháin agus ní rachaidh sé nó sí i seilbh aon oifige eile nó i mbun aon fhostaíochta eile.

42. Beidh cead ag an Choimisinéir na hoifigigh agus na fostaithe sin is gá d'obair Oifig an Choimisinéara a cur i gcrích mar is ceart a cheapadh, agus íocfaidh Coiste Feidhmiúcháin Thuaisceart Éireann as gach costas bainte le gníomhaíocht Oifig an Choimisinéara. Beidh dualgas ar Choiste Feidhmiúcháin Thuaisceart Éireann, Oifig an Choimisinéara a mhaoiniú sa tslí is gur féidir leis an Choimisinéir a chuid nó a cuid dualgas a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach.

DUALGAIS AGUS FEIDHMEANNA CHOIMISINÉIRÍ NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA DO THUAISCEART ÉIREANN

43. Comhaillfidh an Coimisinéir na dualgais agus na feidhmeanna sin a chuirfidh an tAcht seo nó aon Acht Parlaiminte na Ríochta Aontaithe, nó de chuid Thionól Thuaisceart Éireann air nó uirthi.

44. Tá sé de dhualgas ar an Choimisinéir gach gníomhú agus beart faoi réim a údaráis nó a húdaráis a dhéanamh d'fhonn a áirithiú go gcuirfear gach uile cheart agus dhualgas leagtha amach san Acht seo i bhfeidhm go hiomlán.

45. Tá sé de dhualgas ar an Choimisinéir, chun críche na feidhme leagtha amach in alt 45 thuas, imscrúdú a stiúradh agus a dhéanamh cibé acu ar a thionscnamh nó ar a tionscnamh féin nó de bhun gearán a bheith déanta leis nó léi, agus moltaí a dhéanamh ina leith de réir mar atá foráilte sa chaibidil seo.

46. Féadfaidh an Coimisinéir athbhreithniú a thionsnamh ar aon rialúchán nó ar aon threoir déanta faoin Acht seo nó ar aon rialúchán nó threoir a mbeidh tionchar acu ar na cearta agus ar na dualgais leagtha amach san Acht seo, féadfaidh sé nó sí tagairt a dhéanamh d'fhionnachtana agus trácht a dhéanamh ar fhionnachtana an athbhreithnithe i dtuarascáil a chuirfidh sé nó sí faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann de bhun na bhforálacha leagtha amach ar thuairisciú, thíos.

47. Féadfaidh an Coimisinéir dul i gcomhairle le agus faisnéis a mhalartú le Bord na dTeangacha Oifigiúla agus le hOifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla agus le Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí leis nó léi.

IMSCRÚDUITHE

48. Déanfaidh an Coimisinéir imscrúdú ar aon ghearán a dhéanfar leis nó léi de dhroim aon ghnímh nó neamhghnímh a líomhnóidh an gearánach a rachaidh i gcion ar cheart nó ar dhualgas forchurtha faoin Acht seo, nó ar stádas teanga oifigiúla go gineáralta i ndáil leis na

hinstitiúidí sin a mbeidh sí ceaptha ina teanga oifigiúil dóibh faoin Acht seo. Féadfaidh an Coimisinéir imscrúdú ar leith a dhéanamh ar aon ghearán i ndáil leis an dóigh a roghnóidh comhlacht poiblí dá dtagraítear in alt 9.2 an frása "ar a mhéid is indéanta" a léamh, ar aon ghearán maidir le comhall dualgas forchurtha faoi alt 9.2, agus ar aon ghearán i ndáil le Plean Teangacha Oifigiúla a chruthófar de bhun ailt 12 nó ailt 13.

49. Is féidir le haon duine nó le haon ghrúpa de dhaoine gearán a dhéanamh leis an Choimisinéir.

50. Más léir don Choimisinéir le linn dó nó di gearán a imscrúdú agus ag féachaint do na himthosca dó nó di, nach gá imscrúdú breise, féadfaidh an Coimisinéir tuilleadh imscrúdaithe a dhiúltú. Féadfaidh an Coimisinéir diúltú do ghearán a imscrúdú nó scor d'imscrúdú má thiocfaidh sé nó sí ar an tuairim

(a) go bhfuil ábhar an ghearáin fanach;

(b) go bhfuil an gearán maingléiseach nó cráiteach agus nach rinneadh de mheoin macánta é; nó

(c) nach mbaineann ábhar an ghearáin le haon sárú ar an Acht seo nó le haon neamhchomhlíonamh leis, nó nach dtagann an gearán ar chúis ar bith eile faoi údarás an Choimisinéara.
Sa chás a ndiútlóidh an Coimisinéir gearán a imscrúdú, cuirfidh an Coimisinéir an cinneadh sin agus an chúis ba shiocair léi in iúl don ghearánach.

51. Roimh imscrúdú a sheoladh faoin Acht seo, cuirfidh an Coimisinéir in iul do cheann urra na hinstitiúide i gceist gur rún dó nó di imscrúdú a dhéanamh.

52. Is go príobhaideach a dhéanfar gach imscrúdú de chuid an Choimisinéara faoin Acht seo. Ní riachtanach don Choimisinéir aon éisteacht a chomóradh agus ní dhlitear d'aon duine éisteacht a fháil ón Choimisinéir.

53. Féadfaidh an Coimisinéir cinneadh ar an nós imeachta a bheidh le cur i bhfeidhm in aon imscrúdú a dhéanfar faoin Acht seo.

54. Maidir le haon imscrúdú a dhéanfar faoin Acht seo, beidh údarás ag an Choimisinéir

(a) toghairm agus ceangal a chur ar fhinnéithe chun freastal os a chomhair nó os a comhair agus chun fianaise bhéil agus scríofa a thabhairt faoi mhoinn, agus chun cáipéisí agus rudaí eile nach iad a mheasfaidh an Coimisinéir a bheith riachtanach d'imscrúdú iomlán ar aon ábhar a thiocfaidh faoina údarás nó faoina húdarás faoin Acht seo a sholáthar, ar an dóigh chéanna agus go dtí an méid céanna a dhéanfadh breitheamh na Ard-Chúirte;

(b) duine a chur faoi mhionn;

(c) éisteacht agus glachadh le fianaise agus le faisnéis eile, cibé acu faoi mhionn nó faoina mhalairt, de réir mar is oiriúnach leis an Choimisinéir, is cuma glactha nó inghlactha an fhianaise sin i gcúirt dlí.

55. Agus cúis réasúnta ag an Choimisinéir a chreidiúint:

(a) go ndearnadh ceap bagartha, imeaglaithe nó leithcheala de dhuine aonair mar go ndéarna an duine sin gearán nó gur thug an duine sin fianaise nó faisnéis eile i gcúrsa imscrúdaithe de chuid an Choimisinéara nó gur chuidigh an duine sin i ndóigh ar bith eile leis an Choimisinéir, nó

(b) gur cuireadh bac ar an Choimisinéir nó ar aon duine ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir an Choimisinéara le linn dó nó di dualgais nó feidhmeanna an Choimisinéara faoin Acht seo a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Coimisinéir an chreidiúint sin agus na cúiseanna ba shiocair léi a chur in iúl do Rúnaí Stáit Thuaisceart Éireann agus do cheann urra aon institiúide a bheidh bainteach leis.

56. Más é tuairim an Choimisinéara i ndiaidh dó nó di imscrúdú a dhéanamh faoin Acht seo

(a) gur chóir an gníomh nó an neamhghníomh a bhí ina ábhar imscrúdaithe a chur chuig aon institiúid ábhartha lena bhreithniú agus le gníomhú a ghlacadh más gá,

(b) gur chóir aon Acht nó aon ionstraim reachtúil faoin Acht nó aon rialúchán nó aon threoir eile a athrú nó scor d'aon Acht nó d'aon ionstraim reachtúil faoin Acht, nó d'aon rialúchán nó d'aon threoir eile, nó

(c) gur chóir aon ghníomh eile a dhéanamh, déanfaidh an Coimisinéir an tuairim sin agus na cúiseanna ba shiocair léi a thuairisciú do Rúnaí Stáit Thuaisceart Éireann agus do cheann urra na hinstitiúide i gceist agus, don ghearánach nó do na gearánaigh dá mba rud é gur tionscnaíodh an t-imscrúdú de dheasca gearáin. Féadfaidh an Coimisinéir aon mholadh is cuí leis nó léi a dhéanamh in aon thuarascáil dá leithéid agus iarraidh ar cheann urra na hinstitiúide i gceist a chur in iúl don Choimisinéir laistigh de thréimhse ghníomhaíochta sainithe, más aon thréimhse í, go mbeartaíonn an institiúid glacadh leis na moltaí sin nó éifeacht a thabhairt dóibh. Más rud é, dar leis an Choimisinéir, nach ndéanfar gníomhú dóthanach nó cuí laistigh de thréimhse réasúnta i ndiaidh don Choimisinéir tuarascáil a bhfuil moltaí inti a fhoilsiú, féadfaidh an Coimisinéir de réir mar is oiriúnach leis nó léi, agus i ndiaidh dó nó di aon fhreagairt ón institiúid i gceist a mheas, cóip den tuarascáil agus de na moltaí a chur chuig Rúnaí Stáit Thuaisceart Éireann, agus féadfaidh an Rúnaí Stáit aon ghníomh is oiriúnach leis a ghlacadh maidir leis an tuarascáil agus na moltaí.

57. Ní bheidh aon ábhar imeachtaí coirúla nó sibhialta in aghaidh an Choimisinéara, nó in aghaidh aon dhuine ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir an Choimisinéara, maidir le haon rud a dhéanfar, a thuairisceofar, nó a déarfar de mheon macánta i gcúrsa chur i bhfeidhm nó chur i ngníomh aon chumhachta, dhualgais nó fheidhme de chuid an Choimisinéara. Chun críche aon dlí maidir le leabhal nó béadchaint, is faoi phribhléid a bheidh aon ní a déarfaidh,

aon fhaisnéis a thabharfaidh nó aon cháipéis a thabharfaidh an Coimisinéir chun solais de mheon macánta le linn imscrúdaithe, nó aon ní a déarfar, aon fhaisnéis a thabharfar nó aon cháipéis a thabharfar thar ceann an Choimisinéara faoin Acht seo, agus is faoi phribhléid fosta aon thuarascáil a dhéanfaidh an Choimisinéir faoin Acht seo agus aon thuairisc chothrom agus chruinn a dhéanfar faoin tuarascáil sin de mheon macánta i bpáipéar nuachta, in aon thréimhseachán eile, i gcraoladh nó in aon chineál ríomhchumarsáid.

TUARASCÁIL DO RÚNAÍ STÁIT THUAISCEART ÉIREANN

58. Déanfaidh an Coimisinéir, laistigh d'am oiriúnach i ndiaidh dheireadh gach bliana, tuarascáil a ullmhú agus a chur faoi bhráid Rúnaí Stáit Thuaisceart Éireann i ndáil le hiompar a oifige nó a hoifige agus le comhall a dhualgas nó a dualgas faoin Acht seo sa bhliain sin, ag cur san áirimh a chuid nó a cuid moltaí, más ann dóibh, maidir le hathruithe don Acht seo ar riachtanach nó arb inmhianaithe leis an Choimisinéir chun éifeacht a thabhairt do mheon agus d'intinn an Achta.

59. Féadfaidh an Coimisinéir, in am ar bith, tuarascáil speisialta a chur faoi bhráid Rúnaí Stáit Thuaisceart Éireann ag tagairt d'aon ábhair agus ag trácht ar aon ábhair faoi raon chumhachtaí, dhualgais agus fheidhmeanna an Choimisinéara i gcás, ar dóigh leis nó léi go bhfuil an oireadh sin práinne nó tábhachta bainte le hábhar nach cóir tuarascáil ar an ábhar a chur siar go dtí an tráth a gcuirfear an chéad tuarascáil bhliantúil eile faoi bhráid an Rúnaí Stáit faoi alt 59.

60. Cuirfear aon thuarascáil a ullmhófar faoi alt 59 nó 60 na fochaibidle seo faoi bhráid Parlaiminte agus faoi bhráid Tionóil Thuaisceart Éireann, déanfaidh an Coimisinéir í a phoibliú agus cuirfear ar fáil don phobal i gcoitinne í.

RÉITEACH CÚIRTE

61. San fhochaibidil seo, ciallaíonn "Cúirt" an Ard-Chúirt.

62. Féadfaidh aon duine a mbeidh gearán déanta aige nó aici leis an Choimisinéir maidir le ceart nó dualgas faoi alt 49 réiteach a iarraidh ar an Chúirt faoin chuid seo.

63. Féadfar iarratas a dhéanamh faoi alt 63 laistigh de nócha lá

(a) i ndiaidh thorthaí imscrúdú an Choimisinéara ar ghearán a chur in iúl don ghearánach,

(b) i ndiaidh do mholtaí an Choimisinéara a bheith curtha in iúl don ghearánach, nó

(c) i ndiaidh do chinneadh an Choimisinéara chun imscrúdú ar ghearán a dhiúltú nó chun scor d'imscrúdú ar ghearán a bhieth curtha in iúl don ghearánach, nó laistigh d'am breise a cheapfaidh nó a cheadóidh an Chúirt roimh nó tar éis dheireadh an nócha lá sin.

64. I gcás a ndéanfaidh gearánach gearán leis an Choimisinéir faoin Acht seo agus nach gcuirfear torthaí an imscrúdaithe, moltaí an Choimisinéara nó cinneadh chun imscrúdú a dhiúltú nó chun scor d'imscrúdú ar ghearán in iúl don ghearánach laistigh de shé mhí i ndiaidh déanta an ghearáin, féadfaidh an gearánach iarratas a dhéanamh faoi alt 63 am ar bith ina dhiaidh sin.

65. Féadfaidh an Chúirt an réiteach is oiriúnach agus is cóir léi, dámh dámaistí agus faoiseamh urghaire san áireamh, a thabhairt de réir na gcúinsí, i gcás a mbainfaidh an Chúirt de thátal as imeachtaí faoi alt 63 gur theip ar institiúid comhlíonadh leis an Acht seo.

66. Féadfaidh an Coimisinéir, taobh istigh de na teorainneacha ama leagtha síos i bhfo-alt 64 (a) nó (b), réiteach a iarraidh ar an Chúirt faoin fhochaibidil seo maidir le gearán a rinne an Coimisinéir a imscrúdú ach comhthoil an ghearánaigh a bheith ag an Choimisinéir. Féadfaidh an Coimisinéir leis dul os comhair na Cúirte thar ceann aon duine a mbeidh iarratas déanta aige nó aici faoi alt 63 ar réiteach faoin fhochaibidil seo, nó, le cead na Cúirte, féadfaidh an Coimisinéir a bheith ina pháirtí nó ina páirtí os comhair imeachtaí ar bith faoin fho-alt seo.

67. Féadfaidh an Chúirt glacadh le faisnéis bainte le haon ghearán dá shamhail faoin Acht seo ar an institiúid chéanna, mar fhianaise in imeachtaí faoin fhochaibidil seo i ndáil le gearán ar institiúid.

Sceideal

Beidh an Sceideal nuashonraithe le hIonstraim Reachtúil de réir mar is gá.

Moladh do Sceideal

De réir catagóire agus teidil

An uile roinn rialtais Thuaisceart Éireann
Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire
An Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta
An Roinn Comhshaoil
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta
An Roinn Airgeadais agus Pearsanra
An Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábhailteachta Poiblí
An Roinn Forbartha Réigiúnaí
An Roinn Forbartha Sóisialta
Ranna Rialtais na Ríochta Aontaithe An Roinn Cultúir, Meán agus Spóirt
Oifig Gnóthaí Eachtracha agus Gnóthaí Comhlathais
An Roinn Oideachais agus Scileanna
An Roinn Iompair, Rialtais Áitiúil agus na Réigiún
An Aireacht Cosanta
An Roinn Sláinte
An Roinn um Obair agus Pinsin
Gach comhairle ceantair rialtais áitiúil
Gach ceantar rialtais áitiúil i dTuaisceart Éireann i ndiaidh an Athbhreithnithe ar Riarcahán Poiblí (ARP)
Gach comhlacht reachtúil sláinte Bord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta an Oirthir (agus a gcomharbaí i ndiaidh an ARP) Bord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta an Tuaiscirt
Bord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta an Deiscirt
Bord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta an Iarthair
Gníomhaireacht TÉ na Seirbhísí Lárnacha um Shláinte agus Sheirbhísí Sóisialta
Anuas orthu sin: Gach bord bainistíochta ospidéil agus a gcomharbaí
Iontaobhas Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta Oispidéal Ailt Mhic Dhuibhleacháin i ndiaidh an ARP
Iontaobhas Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta Ard Mhacha agus Dhún Geanainn
Iontaobhas Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta Oispidéil Chathair Bhéal Feirste
Iontaobhas Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta an Chlocháin
Iontaobhas Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta Pobal Craigavon agus Dhroichead na Banna
Iontaobhas Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta Grúpa Oispidéal Cheantar Craigavon
Iontaobhas Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta an Dún Lios na gCearrbhach
Iontaobhas Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta an Fheabhail
Iontaobhas Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta na Páirce Glaise
Iontaobhas Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta Pobal Homefirst
Iontaobhas Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta Oispidéal Otharlainne Mater
Iontaobhas Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta an Iúir agus Mhúrna
Iontaobhas Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta Seirbhís Otharcharanna Thuaisceart Éireann
Iontaobhas Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta Bhéal Feirste Iarthar agus Thuaidh
Iontaobhas Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta Ghrúpa Oispidéal Ríoga agus Oispidéil Déidliachta
Iontaobhas Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta Bhéal Feirste Theas agus Thoir
Iontaobhas Seirbhísí Sláinte agus Cúram Sóisialta Cheantar Lochanna an Speirín
Iontaobhas Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta Oispidéal Phobal Uladh
Iontaobhas Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta na n-Oispidéal Aontaithe
Gníomhaíocht Cothaithe Sláinte Thuaisceart Éireann

Bord Náisiúnta um Altranas, Chnáimhseachas agus Chuartaíocht Sláinte
Gach comhlacht reachtúil oideachais
Bord Oideachais agus Leabharlainne Bhéal Feirste
(agus a gcomharbaí i ndiaidh an ARP) Bord Oideachas agus Leabharlann an Oirdheiscirt
Bord Oideachas agus Leabharlann an Oirthuaiscirt
Bord Oideachas agus Leabharlann an Deiscirt
Bord Oideachas agus Leabharlann an Iarthair
Anuas orthu sin: an Chomhairle Churaclaim, Scrúdúcháin agus Mheasúnaithe
Thuaisceart Éireann
An tÚdarás Curaclaim agus Cáilíochtaí
Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann
Comairle Spóirt Thuaisceart Éireann
Comhairle Iarsmalann Thuaisceart Éireann
Bord Tuarasóireachta Thuaisceart Éireann
Feidhmeannas Tithíochta Thuaisceart Éireann
Comhairle Caidrimh Phobail Thuaisceart Éireann
Soláthar Leictreachais Thuaisceart Éireann
Oifig Thuaisceart Éireann
Ioncam Intíre
Seirbhís Cúirte Thuaisceart Éireann
Custam agus Mál na Banríona
Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine
Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chomhionannas
Coimisiún Leanaí Thuaisceart Éireann
Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart na hÉireann
Fear an Phobail Thuaisceart Éireann maidir le Póilíniú
Gníomhaíocht na bPasanna
An Ghníomhaíocht Ceadúcháin Teilifíse